PLEAN STRAITÉISEACH

Fís go 2021

2017 - 2021

40 YEARS
1977-2017

INSTITUTE OF TECHNOLOGY
TRALEE
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ

"Is é an t-éiteas atá mar bhonn faoi phlean straitéiseach na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí ná gur doiciméad beo é.

Chun sin a threisiú déanfaidh Coiste Rialaithe na hInstitiúide athbhreithniú air i gceann gach sé mhí d'fhonn a chinntiú go mbainfidh an straitéis le hábhar i gcónaí agus go mbainfear spriocanna an phlean seo amach."

An tUas. Lionel Alexander,
Cathaoirleach, Coiste Rialaithe
Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Clár an Ábhair

Réamheolas & Comhthéacs	04
IT Trá Lí - Na Príomh-fhíricí	05
Ár Stair Go dTí Seo	06
Modheolaíocht	08
Forbairt Straitéise - Cur chuige Iomlánaíoch	09
Ár Misean	11
Ár gCuid Luachanna	12
Ráiteas Físe	13
Ár gCuid Spriocanna	15
Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí - Ár dTodhchaí	34

Réamheolas & Comhthéacs

Tá dúshláin shuntasacha roimh an earnáil oideachais in Éirinn i gcónaí de dheasca srianta airgeadais a bhaineann le laghdú ar bhunmhaoiniú ón stát. Tá iomaíocht ó Institiúidí Ardoideachais eile ag fás (idir phoiblí agus phríobháideach) in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Is dúshlán d'IT, Trá Lí é seo agus í ag déanamh tréan-iarrachta chun líon a gcuid macléinn a mhéadú. Forbraíodh na spriocanna sa phlean seo agus sinne ar an eolas faoin gcreat beartais náisiúnta foriomlán i leith an earnáil Ardoideachais de réir mar atá cur síos déanta air sa Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas 2030.

Tá tuiscint chruinn ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí ar an tionchar láidir atá á imirt aici sa réigiún agus go deimhin, go náisiúnta. Tá príomhspriocanna, idir náisiúnta agus réigiúnach, mar bhonn eolais ag an bplean seo maidir leis an earnáil ardoideachais, agus ag an gclár oibre náisiúnta agus idirnáisiúnta um thaighde, nuálaíocht agus forbairt.

Tá ár gcuid taithí ó pleananna straitéiseacha roimhe seo ag dul chun tairbhe dúinn sa phlean seo, an séú ceann. Forbraíodh an plean reatha le tuilleadh fócas agus é dírithe ar spriocanna. Ag an am céanna leagtar síos rudaí soiléire atá le seachadadh i dteannta le tomhais ratha.

Beidh baint ag gach réimse feidhmíochta agus ag gach roinn a dhéanann pleananna bliantúla le cur i bhfeidhm an phlean seo. Go sonrach, forbróidh gach scoil plean acadúil a chabhróidh chun na spriocanna agus aidhmeanna atá leagtha síos sa phlean seo a bhaint amach.

Forbraíodh an plean seo chun a chur ar chumas na hInstitiúide an leas is fear a bhaint as na deiseanna a bheidh ar fáil san am atá le teacht, b'fhéidir. Tugann sé bunús don Institiúid chun aghaidh a thabhairt go muiníneach ar an todhchaí agus tuilleadh forbartha IT, Trá Lí a éascú mar Institiúid Ardoideachais fhuinniúil nuálach fhreagrúil a bhfuil aitheantas aici sa réigiún agus go náisiúnta. Trí sheachadadh an phlean straitéisigh seo cinnteofar go bhfanfaidh an Institiúid i dtús cadhnaíochta maidir le forbairtí ar fud earnáil an Ardoideachais.

Is í sprioc na hInstitiúide a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí ag ár gcéimithe uile chun aghaidh a chur ar a bhfuil á éileamh ag timpeallacht a bhíonn ag síor-athrú. Bainfear seo amach trí chinntiú go bhfuil cláir críochnaithe acu atá nuálach, a bhaineann le hábhar agus dírithe ar ghairmréim. Déanfaidh foireann acadúil ag a bhfuil taithí fhairsing agus ardcháilithe na cláir seo a sheachadadh.

Ar cheann de phríomhspriocanna an phlean seo áirítear Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú. Fónfaidh an ollscoil seo mar chatalaíoch i bhforbairt an réigiúin amach anseo agus soláthróidh sí an caipiteal daonna a bhfuil gá leis chun forbairt inbhuanaithe a chinntiú idir eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha.

Mar chathaoirleach an Choiste Rialaithe agus ar Uachtarán tacaímid beirt leis an bPlean Straitéiseach seo agus leis na spriocanna agus na tomhais ratha atá ann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bhfoireann, leis na micléinn agus le luchtanna leasa seachtracha as ar chuireadar le réadú an phlean seo. Rachaidh réadú ár bplean chun tairbhe dár bpobal ar fad agus neartóidh sé tábhacht na hInstitiúide amach anseo.

Trí bheith ag obair le chéile mar chomhghleacaithe agus ag léiriú measa ar a chéile éascófar baint amach na n-ardspriocanna agus na n-ardaidhmeanna seo.

An tUas. Lionel Alexander,
Cathaoirleach an Choiste Rialaithe

An Dr. Oliver Murphy,
Uachtarán IT Trá Lí

IT TRÁ LÍ - NA PRÍOMH-FHÍRICÍ



Ár Stair Go dTí Seo

Bunaíodh InstitiúidTeicneolaíochta, Trá Lí mar Choláiste Teicneolaíoch Réigiúnach sa bhliain 1977. Le seoladh an phlean seo féachaimid siar ar thréimhse 40 bliana ina raibh an Institiúid i mbun fás agus forbairt an Ardoideachais, Taighde, Nuála agus Teagmháil i gCiarraí agus ar fud an réigiúin a spreagadh. Bunaíodh préamhaí na hInstitiúide sa Champas Theas ar an gClais - láthair 10 acra a d'éirigh róbheag don Institiúid i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh tús leis an gcéad chaibidil eile d'fhorbairt chaipitil nuair a osclaíodh an Campas Thuaidh i nDrom Tacair sa bhliain 2001. Ó osclaíodh an Campas Thuaidh go hoifigiúil cuireadh le bonneagar an champais tríd an Foirgneamh Sólás (Ceanncheathrú Roinn an Altranais) agus an Lárionad Leabharlainne, Eolais agus Acmhainne a thógáil. I láthair na huaire tá bonneagar caipitil na hInstitiúide á fheabhsú trí fhoirgniú Acadamh Spóirt Chiarraí dar luach €16.5m. Is é an fhorbairt chaipitil oideachais is mó i gCiarraí é.

Agus í ag fónamh dár réigiún tá cláir lánaimseartha agus páirtaimseartha á dtairiscint ag an Institiúid thar an gcontanam oideachais idir leibhéal 6 agus leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Mar thoradh ar réimse na gclár atá againn ní hamháin go bhfuil leathadh fairsing geografach macléinn as Éirinn ag teacht chugainn ach is Institiúid Ardoideachais sinn a mheallann réimse leathan de mhicléinn idirnáisiúnta. Tácampas fíor-idirnáisiúnta againn faoin am seo. Tá micléinn as breis is 70 náisiún ag gabháil do chláir staidéir san trí Scoil: Ríomhaireacht Ghnó agus Léann Daonna; Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) agus Eolaíochtaí Sláinte agus Sóisialta. Ag an bpointe seo tá 350 ball foirne agus 3,000 macléinn san Institiúid; tá cláir á dtairiscint thar réimse disciplíní i ngach scoil.

De réir mar a tháinig an Institiúid in aibíocht le linn an ama gairid, i gcomparáid le hinsitiúidí eile, tá ár saineolas i bpríomhréimsí taighde curtha chun cinn againn. I láthair na huaire tacaíonn an Institiúid le pobal taighde 150 taighdeoirí a bhfuil borradh faoi. Áirítear orthu seo foireann acadúil, gairmithe taighde agus micléinn iarchéime. Tádhá ionad taighde móra againn; Ionad Bith-theicneolaíochta Feidhmí na Sionainne agus an Ionad um Mheicitreonaic Chliste agus RFID (IMaR), arna mhaoiniú ag Clár Tairseach Teicneolaíochta de chuid Fiontar Éireann. Lena chois sin tá ionad taighde Chathaoir EOECNA. Is é an Chathaoir EOECNA seo ag IT, Trá Lí an chéad cheann dá sórt ar dhomhan i gCorpoideachas, Spórt, Aclaíocht agus Fóillíocht Chuimsitheach.. Le 3 bliana anuas bronnadh breis is €5m de dheontais taighde ar ár gcuid taighdeoirí i gcomórtais náisiúnta fíor-iomaíocha, d'fhoilsíodar breis is 120 páipéir thaighde agus chríochnaíodar breis is 90 togra taighde ar riachtanais mhargaidh le cuideachtaí seachtracha.

Táimidag obair go dian chun a chur ar chumas ár macléinn lán a n-acmhainneacht a bhaint amach. Tá céim bainte amach ag an Institiúid ina forbairt ag a bhfuil dea-thionchar imeartha ag ár gcuid céimithe agus é á imirt i gcónaí acu thar na pobail ina maireann siad; na gnóthais, na tionscail agus na heagraíochta a bhfuil faoina stiúir agus ina bhfuil siad ag obair, agus na sochaithe ina bhfuil siad faoi bhláth.

Baill Choiste Rialaithe IT, Thrá Lí

Modheolaíocht

Ár gCur Chuige i Leith Forbairt an Phlean Straitéisigh seo

PRÓISEAS PLEANÁLA STRAITÉISÍ ITT

Léiriú don gCoiste Rialaithe:
Forbhreathú ar an bPróiseas Pleanála Straitéisí

Céim Taighde a g an nDeasc:
"Eolas Tacaíochta do Phleanáil Straitéiseach ITT" a tháirgeadh; Tagarmharcáil go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

Comhairliúchán le Luchtanna Leasa:
Príomhréimsí Fócais Straitéiseacha a aithint

Dréachtú:
Eolas Straitéise, Ag tarraingt ó Thaighde agus Smaointe Luchtanna Leasa

Dréachtphlean Straitéiseach:
Sóisialú le Luchtanna LeasaSocialisation

Tabhairt chun críche:
Aiseolas ó luchtanna leasa a fhí isteach, dréachtú deiridh an Phlean Straitéisigh. Faomhadh ón gCoiste Rialaithe

Forbairt Straitéise
- Cur chuige Iomlánaíoch

Agus an plean straitéiseach seo á fhorbairt bhíothas ag díriú go géar ar an gcomhthéacs réigiúnach, náisiúnta agus ar an gcomhthéacs domhanda. Agus sinne ag aithint nach féidir leis an Institiúid, ar a conlán féin, forbairt réigiúin ina dtugtar faoi fhiontar go fuinniúil a éascú, tá gnéithe ábhartha beartas i dtaobh na contae,an réigiúin agus an náisiúin cuimsithe againn d'aon ghnó agus an plean á fhorbairt againn. Go sonrach, chuaigh na pleananna seo a leanas i bhfeidhm go mór ar an bplean straitéiseach seo:

Contae/Réigiún		
Plean Forbartha Cho. Chiarraí 2015 - 2021	Plean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil 2016 - 2021 de chuid Chomh. Ch. Chiarraí	Plean Gníomhaíochta an Réigiúin Thiar-Theas um Phoist 2015 - 2017

Náisiúnta/Eorpach		
Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas go dtí 2030	An Plean Gníomhaíochta um Phoist 2017	Straitéis Náisiúnta Scileanna 2025
Winning: Infheistiú Díreach ón Iasacht 2015-2019, ÚFT Éireann	Straitéis Fiontar Éireann 2017 - 2020	Nuáil 2020
	Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015 - 2019	Eoraip 2020

Inniúlachtaí Institiúideacha

Sa phlean straitéiseach seo athneartaítear an cur chuige um phríomhinniúlachtaí Institiúide a chothú thar na réimsí aitheanta seo a leanas:



POF FEXCO Corporate Payments Ruth McCarthy agus Lionel Alexander, Cathaoirleach an Choiste Rialaithe ag Comhdháil Cantillion IT, Trá Lí 2017 i gcomhar le FEXCO - fóram teicneolaíocht airgeadais aon-lae.

Seoladh an chuibhreannais um Réigiúin Fiontraíochta na hEorpa do Chontae Chiarraí i mí Meán Fómhair 2016. TáIT Trá Lí i gceannas ar an togra Interreg "Fostering Young Entrepreneurship for Growth and Jobs - Learning through Business and Education" dar luach €2.3m.



An tUachtarán, an Dr Oliver Murphy agus an craoltóir agus léachtóir an Dr Aoibhinn Ní Shúilleabháin ag seoladh Kerry SciTech mar chuid d'Féile Eolaíochta Chiarraí tionscnaimh i mí na Samhna 2016. Bunaíodh KerrySciTech chun poist agus fostóirí eolaíochta agus teicneolaíochta a thaispeáint i gContae Chiarraí.

Tn Taoiseach Enda Kenny T.D. ag IT, Trá Lí i mí Mhárta 2017 chun an fód a chasadh ar AcadamhSpóirt Chiarraí. Tá sé i gceist an áis seo dar luach €16.5 milliún a oscailt i bhFómhar 2018. Beidh sé ina lárionad sármhaitheasa idirnáisiúnta d'oideachas, oiliúint agus taighde.

Ár Misean

Sárobair a dhéanamh i dteagasc, i dtaighde agus in obair fhorbartha chun leasa mac léinn, na tionscalaíochta agus an phobail i gcoitinne.

To excel in teaching, research and development work, for the benefit of students, industry and the wider community.

Ár gCuid Luachanna

Agus ár gcuid gníomhaíochtaí á gcur i gcrích againn agus ár gcuid pleananna don todhchaí á bhforbairt againn, táimid faoithreoir ag roinnt príomhphrionsabal a bhfuilimid tiomantadóibh. Tá luachanna na hInstitiúide follasach i ngach rud a dhéanaimid chun oideachas, taighde agus nuáil a chur chun cinn agus sa tslí ina bhfuilimid rannpháirteach inár bpobal, inár réigiún agus níos faide anonn. Le linn don bplean straitéiseach seo a bheith á fhorbairt rinneadh athscrúdú ar luachanna na hInstitiúide agus cuireadh luachanna bunúsacha na hInstitiúide in iúl arís.



Ráiteas Físe

"Beidh feidhm bhunathraitheach ag IT, Trá Lí laistigh den réigiún agus laistiar de. Bainfear é seo amach trí choinneáil ar shlí chruthaitheach le sármhaitheas i dteagasc, foghlaim agus taighde agus i nuáil. Déanfar sin a fhíorú i dtimpeallacht na hinmharthanachta, an chomhluadair agus na huileghabhálachta."

Tá athchoigeartú déanta ar an bhfís don Institiúid: glactar san áireamh a bhfuil bainte amach againn go dtí seo agus na pleananna uaillmhianacha atá forbartha againn don am atá romhainn. D'fhonn a chinntiú go n-éireoidh linn i dteannta a chéile ár bhfís a fhíorú tá cúig Phríomhsprioc Straitéiseacha sainaitheanta againn.

Socraíodh na spriocanna seo trí:

- An timpeallachtina bhfuilimid ag oibriú agus ina bhfuil an iomaíocht ag fás níos mó de réir a chéile a ghlacadh san áireamh;
- Anailís a dhéanamh ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta san Ardoideachas;
- Próiseas féinmheasúnaithe a dhéanamh a chabhraigh chun réimsí a aithint ina bhféadfadh Fás agus Forbairt Straitéiseach tarlú;
- Súil a chaitheamh siar ar rath a baineadh amach roimhe seo agus atá á bhaint amach faoi láthair;
- Tógáil ar Phleananna Straitéiseacha a rinneadh roimhe seo;
- Dul i gcomhairle lenár luchtanna leasa laistigh agus lasmuigh den Institiúid.

AERO
1987
SURF

Ár gcuid Spriocanna

Tugann gach ceann de na spriocanna seo a leanas tacaíocht chomhchoiteann ar fáil maidir le fís na hInstitiúide go dtí 2021 a bhaint amach.



Sprioc 1

Inmharthanacht & Fás

A chinntiú go mbeimid inár n-eagraíocht láidir fhuinniúil nuálach a dhéanfaidh de réir a misin agus de réir spriocanna a cuid luchtanna leasa ar bhonn comhoibritheach. É seo a dhéanamh trí phleanáil airgeadais stuama atá ag brath ar aidhmeanna a aithnítear trí anailís chuimsitheach ar an margadh.

Sprioc 1: Inmharthanacht & Fás

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
1.1 Fás ar Líon na Macléinn trí punann clár atá á treorú ag éileamh a fhorbairt agus a sheachadfar thar ardán éagsúla. Micléinn a mhealladh trí réimse chonairí iltreoch; gnáth-fhágálaí scoile; micléinn aibí; micléinn rochtana; micléinn faoi mhíchumas.	**1.1.1** Líon na macléinn a mhéadú chun na spriocanna seo a leanas a bhaint amach faoin mbliain acadúil 2021/22: (2015/16 a úsáid mar bhonnbhliain. Gach uimhir i gCoibhéis Lánaimseartha • Fochéimithe: +5% go 2,442 • Idirnáisiúnta, ag íoc táillí: +102% go 445 • Iarchéimithe: Tréchur macléinn taighde iarchéime a choinneáil ag 4% de mhicléinn ag leibhéal 8, go 46 • Páirtaimseartha (Foghlaim Chumaisc san áireamh): +45% go 159 • Iomlán san Institiúid+13% go 3,092 **1.1.2** Plean Acadúil a fhorbairt agus a sheachadadh ina leagtar síos bearta chun líon na macléinn a mhéadú le linn saolré an Phlean Straitéisigh seo. Déanfaidh gach roinn acadúil plean bliantúil ina mionsonraítear forbairt clár agus aistarraingt clár chun na haidhmeanna atá sonraithe in 1.1.1 a bhaint amach. Déanfaidh an fhoireann Fheidhmiúcháin athbhreithniú ar na pleananna seo gach mí Aibreáin i dtaobh na bliana acadúla atá le teacht.
1.2 Ag obair le gníomhaireachtaí stáit chun ardán maoinithe inbhuanaithe d'IT, Trá Lí a bhunú.	**1.2.1** Pointe cóimheá a bhaint amach inár mbuiséid oibriúcháin faoi 2020; mar chuspóir a bheith againn barrachas 3% den ioncam iomlán a bhaint amach ina dhiaidh sin (mar atá molta in athbh-reithniú ECFE ar an Ardoideachas in Éirinn, 2004).
1.3 Sruthanna ioncaim nach bhfuil á maoiniú ag an státchiste a fhorbairt.	**1.3.1** Ioncam iomlán a mhéadú ó 4.75% go 7% den ioncam iomlán faoi 2121 trí ghníomhaíochtaí nach bhfuil á maoiniú ag an státchiste. Bainfear seo amach trí: ghníomhaíocht dhaonchairdiúil agus ion-cam ó ghníomhaíocht íocaíocht táillí idirnáisiúnta agus ó bhronnta-nais taighde.

Sprioc 1: Inmharthanacht & Fás

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
1.4 Straitéis Airgeadais a chur i bhfeidhm atá nuálach, freagrúil agus atá tógtha ar chuspóirí réadúla atá uaillmhianach mar sin féin.	**1.4.1** Straitéis Airgeadais a chur i bhfeidhm: Cuirfidh an Straitéis Airgeadais faisnéis thráthúil ábhartha chruinn ar fáil. Tacóidh sé le bainistiú airgeadais agus cinnteoireacht éifeachtach san Institiúid agus beidh sé mar bhonn eolais leo. Cinnteoidh an straitéis go mbarrfheabhsófar acmhainní na hInstitiúide atá ar fáil agus treoróidh sí an Institiúid maidir le 1.1.2 agus 1.3.1. a bhaint amach. Cuirfear tuarascálacha ar fheidhmíocht airgeadais na hInstitiúide i láthair don bhfoireann fheidhmiúcháin dhá uair sa bhliain.
1.5 Máistirphlean an champais á chur i ngníomh i gcónaí d'fhonn campas comhtháite amháin a bhaint amach.	**1.5.1** Déanamh de réir Mháistirphlean ITT 2017 go 2027. Bainfear na rudaí seo amach tríd na foirgnimh seo a leanas a thógáil: • Foirgneamh STEM €27.85m • Mol Áiseanna do Mhicléinn €10.89m • Grúpa Foirgneamh Cónaithe do Mhicléinn €14m • Foirgneamh Taighde €9m • Méadú le hIonad Goir Ghnó €3m Foirgneamh Acadamh Spóirt Chiarraí a bheith tógtha faoi 2018/1. Infheistíocht oibríochta €1m ar a laghad chun eispéireas an mhicléinn a fheabhsú trí fheabhas a chur go leanúnach ar an mbonneagar caipitil thar thréimhse an phlean straitéisigh seo.

Sprioc 2

Múineadh, Foghlaim agus Ullmhacht an Chéimí

A chur ar chumas ár gcuid macléinn lán a n-acmhainneacht a bhaint amach agus cur le forbairt na sochaí. É seo a dhéanamh trí timpeallacht oideachais atá dírithe ar an macléinn a chur ar fáil a bhfuil sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim mar thaca faoi. Beidh ár gcuid céimithe sainiúil de bharr a gcuid taithí oideachais agus beidh scileanna agus saintréithe ríthábhachtacha acu a bhainfidh leis an áit oibre agus leis an tsochaí shibhialta araon.

Sprioc 2: Teagasc, Foghlaim agus Ullmhacht an Chéimí

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
2.1 Caighdeán teagaisc agus foghlama a chur chun cinn tríd an Straitéis TLA&E 2017-2021 a chur i ngníomh agus déanamh de réir na spriocanna atá sa straitéis seo.	**2.1.1** Lárionad um Fhorbairt Oideachais a chur ar bun. Atá le bheith i mbun oibriúcháin sa bhliain acadúil 2017/18. Beidh an lárionad seo á thacú ag straitéis cúig bliana. **2.1.2** Forbróidh gach scoil miondámhachtana sainchuspóra i bhformáidí foghlama cumaisc. Leis na cláir seo tabharfar faoi réitigh maidir le riachtanais fostóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, measfar iad agus cuirfear ar fáil iad. **2.1.3** Comhtháthófar comhpháirt foghlama cumaisc i ngach clár lánaimseartha (10 gcreidiúint ar a laghad thar clár céime onóracha 4 bliana).
2.2 Straitéis cúig bliana um mhicléinn a choinneáil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh dírithe ar chohórt na céad bhliana.	**2.2.1** Sainchuspóirí roinne chun coinneáil agus dul chun cinn macléinn a fheabhsú. Déanfar iad a shonrú i bpleananna roinne (mar atá mínithe in 1.1.2). **2.2.2** Méadú 10% ar a laghad ar ráta coinneála na hInstitiúide fhoriomlán thar thréimhse an phlean straitéisigh seo.

Sprioc 2: Teagasc, Foghlaim agus Ullmhacht an Chéimí

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
2.3 Spriocanna agus cuspóirí an phlean rochtana náisiúnta a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí na hInstitiúide.	**2.3.1** Déanfar plean Rochtana na hInstitiúide a thabhairt cothrom le dáta de réir an Phlean Rochtana Náisiúnta (NAP) 2015-2019. Go sonrach, bainfear an méid seo a leanas amach:: • Clár for-rochtana saincheaptha um rochtain a dhíreofar ar Ghrúpálacha Sóch-eacnamaíoch (grúpa oibrithe neamh-láimhe & grúpa oibrithe láimhe neamh-oilte) ag an dara leibhéal; • Curadh rochtana i ngach roinn; • Monatóireacht ar leith a dhéanamh ar neamh-chríochnú do ghrúpaí rochtana. **2.3.2** Taighde a thabhairt i gcrích chun a bheith mar bhonn eolais ag Tionscnaimh Rochtana Institiúideacha. Ag brath ar thorthaí taighde agus ar éileamh ceapfaimid Bunchlár rochtana saincheaptha ina gcuirtear 20 áit nua ar fáil in aghaidh na bliana. **2.3.3** Micléinn an chlár rochtana a rianú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tacú leo chun dul chun cinn agus dámhachtain ardoideachais a bhaint amach a sháraíonn spriocanna náisiúnta maidir leis an gcohórt seo. (mar atá mínithe in 2.3.2)

Sprioc 2: Teagasc, Foghlaim agus Ullmhacht an Chéimí

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
2.4 Socrúchán oibre a ghiaráil d'fhonn "ullmhacht an chéimí" a éascú agus a bheith mar bhonn eolais ag cláir atá á dtreorú ag an margadh.	**2.4.1** Beidh socrúchán oibre mar chuid de gach clár leibhéil 7 agus 8 de chuid na hInstitiúide a leanfaidh ar aghaidh ar feadh seimeastair amháin ar a laghad. **2.4.2** Beidh treoirlínte barrchleachtais um socrúchán oibre le forbairt ar fud na hInstitiúide. **2.4.3** Nasc díreach le saintograí tionscail/pobail le bheith ag 50% de thionscadail na bliana deireanaí ar a laghad. **2.4.4** 800 macléinn ar a laghad chun seimeastar socrúchán oibre a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Sprioc 3
Taighde & Nuáil

Ár gclú mar Institiúid atá i mbun taighde a chur chun cinn agus leanúint de bheith ag feabhsú caighdeán maidir le sármhaitheas taighde a sheachadadh as a leanfaidh fás eacnamaíoch agus forbairt shóisialta sa réigiún dá bhfuilimid ag fónamh.

Sprioc 3: Taighde agus Nuáil

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
3.1 Sármhaitheas Taighde: Tagarmharcáil idirnáisiúnta agus mheasúnú seachtrach déanta uirthi.	**3.1.1** Líon na bhfoilseachán taighde piarbhreithnithe a mhéadú (Sprioc íosta 2017-21 as *250). **3.1.2** Luach maoiniú taighde a fhoinsítear ón taobh amuigh a mhéadú (Sprioc íosta 2021 as *8m). **3.1.3** Foireann taighde ghairmiúil den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil (Sprioc - Líon íosta foireann taighde 2017-21 as 50). **3.1.4** Maoiniú náisiúnta agus idirnáisiúnta a chinntiú chun foirgneamh taighde tiomnaithe a thógáil ag ITT (Sprioc 2017-21; maoiniú cinntithe). *Carnach thar tréimhse 5 bliana (A)
3.2 Tionchar taighde trí nuáil.	**3.2.1** Líon na bhfionnachtana a nochtar a mhéadú (Sprioc íosta faoi 2021; 8) **3.2.2** Líon na smaointe nua nó na bhfionnachtana a aistrítear ina gCeadúnas, ina Rogha nó ina Sannachán a mhéadú (Sprioc íosta 2017-21; 2) **3.2.3** Líon na n-iarratas ar phaitinní tosaíochta a mhéadú (Sprioc íosta 2017-21; 2)

Sprioc 3: Taighde agus Nuáil

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
3.3 Naisc taighde feabhsaithe & gníomhaíochtaí taighde comhoibreacha.	**3.3.1** Cur le comhaontuithe um chomhoibriú taighde atá á maoiniú nó á bpáirtmhaoiniú ag an tionscal (Sprioc íosta 2017-21; 80).
3.4 Soláthar ardcháilíochta céim taighde go leibhéal 10.	**3.4.1** Údarás tarmligthe a bhaint amach chun céimeanna taighde a bhronnadh ag leibhéal 9. **3.4.2** Cur le líon na mball foirne ITT a dhéanann maoirseacht ar chéimeanna taighde ag leibhéal 10 (Sprioc íosta 2017-21 de 15).
3.5 Gníomhaíocht taighde ar fud na hInstitiúide a chumasú agus tacú léi.	**3.5.1** An rannchuidiú suntasach atá á dhéanamh ag an bhfoireann acadúil agus taighde i leith gníomhaíochtaí taighde san Institiúid a aithint agus tógáil air. Coiste Feidhmiúchán Scoile um Thaighde a bhunú chun clár oibre taighde na scoileanna a chur ar aghaidh a chabhróidh leis an Institiúid a cuid Príomhtháscairí Feidhmíochta Taighde foriomlána a bhaint amach.

Sprioc 4

Comhaltacht agus Uileghabhálacht

Eispéireas den scoth a chothú don bhFoireann agus do Mhicléinn ina léirítear meas ar a chéile agus ina dtacaítear lena chéile i ngach gníomhaíocht. Léireoimid spéis inár bhfoireann agus inár micléinn; cumasófar agus spreagfar iad chun rannpháirtiú go gníomhach sa phobal níos leithne agus tá cultúr na saoránachta gníomhaí á chur chun cinn againn.

UilegSprioc 4: habhálachtComhaltacht agus Uileghabhálacht

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
4.1 Ag obair leis an bhfoireann agus í a chumasú chun timpeallacht oibre níos fearr a chruthú.	**4.1.1** Bearta a aithint chun rátaí teagmhála na foirne a aimsiú laistigh den Institiúid, iad seo a thagarmharcáil i gcoinne caighdeán oiriúnach idirnáisiúnta. Curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana acadúla 2017/18. **4.1.2** Feabhsófar straitéis chumarsáide na hInstitiúide chun straitéis chumarsáide inmheánach a chuimsiú. Beidh an straitéis chumarsáide inmheánach seo ina cabhair chun a chinntiú go gcuirfear ardaidhmeanna agus luachanna na hInstitiúide in iúl go héifeachtach do luchtanna leasa inmheánacha. Cuirfidh bealaí cumarsáide inmheánaí feabhsaithe ar chumas na foirne rochtain a fháil ar an bhfaisnéis ábhartha is déanaí faoin Institiúid, rud a chumasaíonn í rannchuidiú le timpeallacht oibre níos fearr. **4.1.3** Táthar chun anailís ar riachtanais oiliúna a dhéanamh chun plean bliantúil Oiliúna& Forbartha a cheapadh. Le bheith déanta faoi dheireadh mhí na Nollag 2017. Dá thoradh seo gheobhaidh 120 ball foirne (idir Acadúil, Bhainistíocht agus Thacaíocht) ar a laghad Forbairt Ghairmiúil Leanúnach in aghaidh na bliana. Beidh buiséad tiomnaithe ar fáil chuige seo de réir mar atá comhaontaithe ag an bhFoireann Fheidhmiúcháin. **4.1.4** Club sóisialta de chuid na hInstitiúide a bhunú. Clár bliantúil imeachtaí sóisialta agus spóirt don bhfoireann atá le heagrú ag coiste sóisialta na foirne. 3 imeacht eagraithe don “bhfoireann uile” ar a laghad i gcaitheamh na bliana.
4.2 Tacaíochtaí d’Acmhainní Daonna a thagarmharcáil chun aird a tharraingt ar dheachleachtas agus chun réimsí a gcaithfear tuilleadh airde a dhíriú orthu a aithint. Cabhróidh sé seo lena chinntiú go léirítear spéis inár bhfoireann agus go dtacaítear leo dá réir.	**4.2.1** An timpeallacht oibre a fheabhsú chun tacú leis an bhfoireann i saol na hoibre. Díreofar ar thacaíochtaí cosúil leis an gClár um Chúnamh don bhFostaí, sláinte agus folláine na foirne. Coiste Institiúide le bunú sa bhliain acadúil 2017/18.

Sprioc 4: Comhaltacht agus Uileghabhálacht

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
4.3 An timpeallacht fhisiciúil a fheabhsú chun gur fearr gur féidir leis an bhfoireann a gcuid ról agus a gcuid freagrachtaí a chur i gcrích.	**4.3.1** Leas a bhaint as próiseas máistir-phleanála um bhonneagar an champais chun feabhas a chur ar an timpeallacht fhisiciúil d'fhonn cur ar chumas na foirne a gcuid ról agus freagrachtaí a chur i gcrích i dtimpeallacht fhisiciúil atá fabhrach don obair.
4.4 Plean um Sheirbhísí do Mhicléinn a fhorbairt agus a chur i ngníomh a dhéantar a thagarmharcáil i gcoinne comparádóirí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta.	**4.4.1** Athbhreithniú seachtrach ar Sheirbhísí do Mhicléinn le bheith críochnaithe laistigh den bhliain acadúil 2017/18. Moltaí ón athbhreithniú le cur i ngníomh thar saolré an Phlean Straitéisigh seo.
4.5 Tacú le Sláinte agus Folláine Pobal na Macléinn ar an gCampas.	**4.5.1** Grúpa Oibre Sláinte agus Folláine a bunú a fheidhmeoidh ar fud na hInstitiúide. Forbróidh an grúpa oibre seo plean oibriúcháin chun príomhthionscnaimh a chur i ngníomh de réir a chéile a dhéanfar a thagarmharcáil i gcoinne na dtreoirlínte "Healthy Campus" (Tag. 'Plean Gníomhaíochta FSS Éire Shláintiúil 2013-2025'). **4.5.2** Straitéis Institiúide um Theagmháil Shibhialta agus Pobail a fhorbairt a bheidh ar aon dul le Cairt Theagmhála Campais um Theagmháil Shibhialta agus Pobail. Le cur i ngníomh de réir a chéile le linn na bliana acadúla 2018/19. **4.5.3** Cuimsiú rannpháirtiú pobail curaclaim a leabú laistigh de Straitéis Teagaisc, Foghlama, Measúnaithe agus Teagmhála 2017-2021 de chuid na hInstitiúide.

Sprioc 4: Comhaltacht agus Uileghabhálacht

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
4.6 Éascaíocht a dhéanamh dár micléinn chun gur féidir leo gníomhú mar ambasadóirí na hInstitúide. Ag obair lenár luchtanna leasa inmheánacha chun an Institiúid a chur chun cinn ar an taobh amuigh agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar phróifíl na hInstitiúide.	**4.6.1** Ambasadóirí Macléinn ceaptha agus ar fáil chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Institiúid. Próiseas curtha ar bun chun tacú le haithint agus oiliúint Ambasadóirí Macléinn. Sprioc íosta is ea go mbíonn 20 Ambasadóir Macléinn ceaptha i gcomhair gach bliana acadúla.
4.7 Spéis a chur inár gcuid Céimithe mar chuid de phobal ITT.	**4.7.1** Bord Alumni a bhunú. **4.7.2** Straitéis um Teagmháil le hAlumni a fhorbairt. **4.7.3** Cuirfidh gach Scoil imeacht ar siúl gach bliain agus mar rún aige teagmháil a dhéanamh le 100+ Alumni ag gach imeacht i ngach scoil. Is ionann sin agus 300 Alumni in aghaidh na bliana agus beifear i dteagmháil le 1500 alumni san iomlán trí imeachtaí tiomanta thar shaolré an Phlean Straitéisigh seo. **4.7.4** Leas a bhaint as dul chun cinn i líonraí meán sóisialta proifisiúnta chun teagmháil a dhéanamh le 1,000 Alumni breise in aghaidh na bliana.
4.8 Cumas na hInstitiúide a chur chun cinn deiseanna den chéad scoth a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí a bheith rannpháirteach.	**4.8.1** Obair i gcomhar le hAontas na Macléinn chun an Clár Náisiúnta um Rannpháirtiú Macléinn (NSEP) a reáchtáil ar bhonn píolótach.

Sprioc 4: Comhaltacht agus Uileghabhálacht

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
4.9 Luchtanna leasa ar an taobh amuigh agus ár bPobal: A bheith mar "chroí an phobail" trí bheith ag cur lenár dteagmháil le luchtanna leasa agus trín í a threisiú. É seo a dhéanamh trí leas a bhaint as ár mbonneagar fisiciúil, as saineolas na foirne agus as pobal na macléinn.	**4.9.1** Teagmháil a spreagadh trí clár bliantúil tionscnamh a chur ar fáil atá díríthe ar sholáthraithe bunoideachais, meánoideachais, breisoideachais agus ardoideachais. Mar thoradh air seo beidh tionscnaimh againn a mbeidh 500 duine rannpháirteach iontu in aghaidh na bliana ó gach leibhéil oideachais. **4.9.2** Tograí comhoibritheacha le comhpháirtithe réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ag díriú ar 30 togra comhoibritheach in aghaidh na bliana. **4.9.3** Córas um Bhainistiú Caidreamh Custaiméara a chumasú a dhéanfaidh nasc straitéiseach beartaithe le comhpháirtithe ar an taobh amuigh. Déanfaidh an modh teagmhála seo caidreamh na hInstitiúide le comhpháirtithe ar an taobh amuigh a bharrfheabhsú agus é ag soláthar freagra ón Institiúid i bhfíoram. Bainfear 100 teagmháil sa mbreis amach ar fud na hInstitiúide in aghaidh na bliana ar a laghad. **4.9.4** Próifíl na hInstitiúide a fhorbairt ar fud ár bpobail, ár gcuid áiseanna a oscailt agus saineolas a chur ar fáil dár luchtanna leasa sa phobal. A chinntiú go gcuirfidh an Institiúid a cuid áiseanna ar fáil do 30 grúpa/eagraíocht pobail in aghaidh na bliana.

Sprioc 5

Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú

A bheith inár mór-champas in Ollscoil Teicneolaíochta nua na Mumhan.

Sprioc 5: Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
5.1 Na critéir a ghabhann le hainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a chomhlíonadh. Próiseas céim a cheathair a chríochnú ar mhaithe le hainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta. Tionscadal um Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích chun gur féidir aighneacht céime a cheathair a chríochnú.	**5.1.1** Obair lenár gcomhpháirtithe in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) chun critéir Ollscoile Teicneolaíochta a chomhlíonadh. **5.1.2** Céim a cheathair a chríochnú le n-é a chur isteach, de réir línte ama reachtacha. **5.1.3** A chinntiú go bhfuil rialachas cuí ann don gclár um aistriú chuig Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. **5.1.4** Plean a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil don tionscadal leis an saineolas riachtanach ag na pointí ábhartha ina saolré d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar na príomhghníomhaíochtaí laistigh de na spriocdhátaí. **5.1.5** A chinntiú go bhfuil luchtanna leasa rannpháirteach ar feadh an phróisis bainistíocht athruithe.
5.2 Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú mar Ollscoil Teicneolaíochta fhiontraíoch.	**5.2.1** "Gníomhú mar eagraíocht amháin" a chumasú agus tacú leis idir ITT agus CIT thar oibríochtaí Institiúide. Leanúint de bheith ag treisiú éiceachóras tionscail/acadúil trí acmhainní agus saineolas a roinnt thar struchtúr Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. **5.2.2** Struchtúr/éiteas na fiontraíochta a leabú agus a acmhainniú ar fud na hOllscoile nua. **5.2.3** Comhar déthaobhach a éascú agus a spreagadh i dtionscadail nuálacha straitéiseacha. Tionscadail chomhoibreacha a dhéanfar a sheachadadh i dteannta a chéile a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Sprioc 5: Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a bhunú

BAINTEAR AMACH IAD TRÍ	BHEARTA RATHA
5.3 Móiminteam an Chláir Athraithe chuig Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a choinneáil i ndiaidh an chumaisc.	**5.3.1** Clár um chomhtháthú iar-chumais a sheachadadh a thabharfaidh tairbhí i gcónaí don Ollscoil nua, dár luchtanna leasa agus don réigiún.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ
- ÁR dTODHCHAÍ

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta, macléinn ar shocrúchán oibre ag SEIRBHÍS ÓIGE DEOISE CHIARRAÍ

Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Staidéar Gnó, micléinn i léacht chuntasaíochta

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil léacht chleachtais innealtóireacht fuaime

BMicléinn Baitsiléir E olaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Talmhaíochta ar thuras allamuigh in eolaíocht bairr

40 YEARS
1977-2017

INSTITUTE OF TECHNOLOGY
TRALEE
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ

www.ittralee.ie

Tabhair cuairt ar www.ittralee.ie
chun an doiciméad seo a léamh i nGaeilge

Earráidí agus easnaimh eiscthe.